



Do: Príomhfheidhmeannaigh an Údaráis Áitiúil
CC: Oifigigh ábhartha eile

Ciorclán: CMF2022

17 Samhain 2022

Ciste na Séadchomharthaí Pobal 2022

Tagraím don bhfógra inniu ón Uasal Malcolm Noonan TD, Aire Stáit Oidhreachta agus Athchóiriú Toghchán, faoi sheoladh Chiste na Séadchomharthaí Pobal 2022.

Ag tógáil ar an gCiste tionscnaimh 2021, infheisteadh Ciste na Séadchomharthaí Pobal 2022 inár n-oidhrecht seandálaíochta luachmhar agus cuideoidh sé le húinéirí agus coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta chun iad a chosaint sa todhchaí ar mhaithe le leas na bpobal agus an phobail i gcoitinne.

Infheisteadh Ciste 2022 €5,000,000 san iomlán i séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a chur chun cinn. Déanfaidh sé:

- oibreacha caomhnaithe a **chumasú** le cur ar bun ar shéadchomharthaí a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu;
- rochtain ar shéadchomharthaí a **spreagadh** agus a gcur i láthair a fheabhsú;
- **athléimneacht a thógáil** inár séadchomharthaí le cur ar a gcumas éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh.

Tá 3 Shruth ag **Ciste na Séadchomharthaí Pobal**:

1. Tairgeoidh **Sruth 1** deontais suas le **€85,000** atá dírithe ar dheisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitil chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus a dheisiú (lomlán de €1,000,000 ar fáil)
2. Tairgeoidh **Sruth 2** deontais suas le **€30,000** chun Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhnaithe a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a aithint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus rochtain poiblí a fheabhsú. (lomlán de €550,000 ar fáil)
3. Tairgeoidh **Sruth 3** deontais suas le **€30,000** chun bonneagar rochtana agus léirmhíntithe (lena n-áirítear fíorúil/ar líne) ag séadchomharthaí seandálaíochta (lena n-áirítear bearta sláinte poiblí COVID 19) a fheabhsú. (lomlán de €450,000 ar fáil)



Tá sonraí iomlána an Chiste leagtha amach sa Mheabhrán Míniúcháin agus i gcáipéisíocht eile atá faoi iamh ar chóir do gach iarrthóir a thabhairt faoi dheara go cúramach. Iarraimid go ndéanfaí an Ciste a phoibliú trí gach cainéal atá ar fáil, lena n-áirítear do láithreáin ghréasáin féin.

Tugtar cuireadh d'Údaráis Áitiúla iarratais agus breithmheasanna a chur isteach chuig cmf@housing.gov.ie faoi dháta an spriocdháta. Ansin déanfaidh an Roinn measúnú ar na hiarratais agus cuirfeadh Údaráis Áitiúla ar an eolas faoi thionscadail rathúla chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

Ba chóir aon fhiosrúcháin maidir leis an méid thuas a chur chuig cmf@housing.gov.ie

Michael MacDonagh
Príomh-Sheandálaí
Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta